An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Plean Straitéiseach

## 2026-2028

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Contents


| | Leathanach |
|---|---|
| Clár Ábhar | 3 |
| Brollach | 4 |
| An tÚdarás | 6 |
| An Timpeallacht Rialála | 7 |
| Ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna | 9 |
| Spriocanna agus Cuspóirí | 11 |
| An Straitéis a Chur Chun Feidhme agus Faireachán a Dhéanamh ar Dhul Chun Cinn | 15 |
| Aguisín 1 – Earnálacha Ceadúnaithe (Meán Fómhair 2025) | 16 |
| Aguisín 2 – Forálacha Reachtúil | 17 |

# Brollach

Tagann ár bplean straitéiseach nua don tréimhse trí bliana 2026-2028 ag am tábhachtach don Údarás Slándála Príobháidí. Bunaíodh an tÚdarás Slándála Príobháidí sa bhliain 2004, agus tá sé i mbun na gcéimeanna tábhachtacha bunaithe agus fáis le fiche bliain anuas. Tá sé ag tabhairt earnálacha faoi réir an cheadúnaithe de réir a chéile, agus caighdeáin á socrú agus gairmiúlacht sa tionscal slándála príobháidí á cur chun cinn aige lena linn sin. Tá 15 earnáil faoi cheadúnas againn faoi láthair. Sna trí bliana atá le teacht, oibreoimid chun ceadúnú a chur chun cinn sna hearnálacha atá fágtha, mar a shainordaítear leis an reachtaíocht.

Mar eagraíocht atá fós sách óg, aithníonn an tÚdarás Slándála Príobháidí an gá atá le feasacht níos mó a bhaint amach i measc an phobail ar an obair a dhéanann sé. Beidh sé tábhachtach go ndíreofaí níos mó acmhainní ar chumarsáid agus ar eolas a chur chun cinn ar na nithe atá á rialáil ag an Údarás Slándála Príobháidí agus ar an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibríochtaí agus a gcinntímid comhlíonadh. Beidh sé tábhachtach freisin go méadódh an tÚdarás Slándála Príobháidí a phróifíl i measc sealbhóirí ceadúnais agus i measc an phobail i gcoitinne. Bainfimid é sin amach trí straitéis cumarsáide nua a fhorbairt agus trí thionscnaimh amhail ár rannpháirtíocht i gcigireachtaí ilghníomhaireachta a mhéadú.

Thar thréimhse feidhme an Phlean Straitéisigh seo, cuirfidh an tÚdarás Slándála Príobháidí caighdeáin ghairmiúla agus feabhsú cleachtas chun cinn. Déanfaidh sé é sin trí obair i gcomhpháirt leis an tionscal chun inniúlacht ghairmiúil agus caighdeáin ghairmiúla a fheabhsú go síoraí seasta. Áireofar leis sin sainaithint a dhéanamh ar an raon feidhme atá ann le haghaidh feabhsuithe ar oiriúnacht sealbhóirí ceadúnais a mheasúnú, ar sheiceálacha ionracais a dhéanamh, agus ar an bpróiseas measúnaithe agus deimhnithe iniúchóireachta. Oibreoimid chun caighdeáin a nuashonrú nuair is gá, agus déanfaimid athbhreithniú ar ár bpróisis forbartha caighdeán chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla. Ag obair dúinn leo siúd atá páirteach i ngardáil slándála, déanfaimid meastóireacht ar chleachtas ceannródaíoch agus breithneoimid feabhsú ar an oiliúint tosaigh chomh maith leis an ngá atá le feabhsú leanúnach de réir mar a théann gairmeacha ar aghaidh. Thairis sin, méadóimid feasacht ar na tairbhí inláimhsithe a bhaineann le héagsúlacht chun ionchuimsitheacht níos mó a spreagadh in earcaíocht conraitheoirí, in arduithe céime, agus in imscaradh pearsanra.

De réir mar a bhogaimid ó chéim an bhunaithe go céim an chomhdhlúthaithe, beidh sé mar thosaíocht againn claochlú oibriúcháin a bhaint amach trí éifeachtúlachtaí agus éifeachtacht fheabhsaithe a sholáthar. Tá an tÚdarás Slándála Príobháidí thíos leis an teicneolaíocht oidhreachta go dtí seo agus níl sé i riocht maith chun próisis a nuachóiriú. Tá sé ríthábhachtach go mbeimis in ann eispéireas níos fearr a sholáthar dár sealbhóirí ceadúnais agus dár mbaill foirne araon. Thar thréimhse feidhme an phlean seo, cuirfimid córais nua TFC i bhfeidhm chun an dóigh a gceadúnaímid, an dóigh a rialálaimid agus an dóigh a ndéanaimid faisnéis bhainistíochta a tháirgeadh agus a úsáid a bhunathrú chun feabhais. I gcomhar le tabhairt isteach na teicneolaíochta nua, déanfaimid réitigh a shainaithint agus a imscaradh go córasach chun ár n-éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú trí athdhearadh próiseas, trí chumasú TFC agus trí chomhtháthú éifeachtach córas. Féachfaimid ar réitigh TFC agus ar réitigh Intleachta Saorga chun cigireachtaí a spriocdhíriú ar bhealach níos

fearr, chun próisis chigireachta a chuíchóiriú, agus chun ár n-acmhainn cigireachta agus ár dtuairisciú araon a fheabhsú.

Tá foireann an Údaráis Slándála Príobháidí i gcroílár gach a ndéanaimid. Ní bheifear in ann an Plean Straitéiseach 2026-2028 uainn a chur i gcrích ach amháin trínár bhfoireann daoine. Sna trí bliana atá le teacht, forbróimid ár saineolas comhroinnte agus bainfimid leas as chun ár sainordú a chomhlíonadh go rathúil, agus ionchais ár ngeallsealbhóirí á gcomhlíonadh ag an am céanna. Tá foireann eolach agus gafa againn, agus tá dea-chultúr eagraíochta againn freisin. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de na cáilíochtaí sin, áfach. Is gá dúinn na gnéithe dearfacha dár n-eagraíocht a chaomhnú agus a fhorbairt tuilleadh agus í ag dul isteach i dtréimhse athraithe oibriúcháin agus ar fud na tréimhse sin. I gcomhthráth leis an bplean straitéiseach trí bliana seo, beidh plean acmhainní againn ina gcuirfear in iúl go soiléir cad a bheidh ag teastáil uainn chun go mbeimid in ann na cuspóirí leathnaithe sin a bhaint amach.

Rud tábhachtach is ea an tionscal slándála príobháidí a rialáil. Aontaíonn geallsealbhóirí go bhfuil an tÚdarás Slándála Príobháidí ag cur feabhsuithe suntasacha ar thionscal slándála na hÉireann le fiche bliain anuas. I gcomhar lenár ngeallsealbhóirí tionscail, leanfaimid den phobal a chosaint, de chaighdeáin a ardú, d'fheasacht a mhéadú, agus de chomhlíonadh a fhorfheidhmiú. Ó uair a bhunaithe i leith, tá an tÚdarás Slándála Príobháidí ag baint fíorthairbhe as tacaíocht ón Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus óna Roinn, ón nGarda Síochána, ón tionscal slándála, agus óna lán páirtithe eile. Leis an bPlean Straitéiseach 2026-2028 uainn, leathnaítear uaillmhian an Údaráis, agus is gá go leanfaidh an tacaíocht sin ar aghaidh chun go mbeifear in ann é a chur chun feidhme.



Jillian van Turnhout Uas.



An tUas. John Phelan

# An tÚdarás

**Tá an tÚdarás Slándála Príobháidí freagrach as rialáil an tionscail slándála príobháidí in Éirinn. Tá sé mar ról againn cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus don phobal trí thimpeallacht rialála ar ardchaighdeán a chur chun cinn do na gnólachtaí agus na daoine aonair a oibríonn sa tionscal slándála. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a bunaíodh leis an Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 sinn. Leasaíodh an tAcht sna blianta 2011 agus 2021.**

Sa bhliain 2025, tá níos mó ná 52,000 ceann de cheadúnais fostaithe agus de cheadúnais conraitheoirí i gcúrsaíocht sna hearnálacha seo a leanas:

- Rialú Rochtana a Shuiteáil agus a Chothabháil
- Airgead Tirim faoi Bhealach
- TCI a Shuiteáil agus a Chothabháil
- Faireachán ar TCI
- Maoirseoirí Dorais
- Gardaí Forfheidhmiúcháin
- Slándáil Imeachtaí
- Aláraim Ionraidh a Shuiteáil agus a Chothabháil
- Faireachán ar Aláraim Ionraidh
- Glasadóirí
- Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- Gardaí Slándála
- Soláthraithe nó Suiteálaithe Taisceadán

Le linn thréimhse feidhme an Phlean Straitéisigh seo, leathnófar rialáil chuig daoine aonair atá ag obair san earnáil slándála leictreonaí[2], san earnáil geataí cumhachtaithe, san earnáil glasadóirí agus san earnáil taisceadán, agus leathnófar í freisin chuig conraitheoirí san earnáil geataí cumhachtaithe, san earnáil sainchomhairleoirí slándála agus san earnáil dlúthchosanta. Leathnófar raon feidhme an cheadúnúcháin gardaí slándála chun láimhseálaithe madraí a chur ar áireamh.

Riarann Bord arna cheapadh ag an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an tÚdarás Slándála Príobháidí. Chuaigh an Bord reatha i mbun oifige i mí an Mhárta 2022, agus comhaltaí fillte den Bhord a bheith á gceapadh ar théarma dhá bhliain agus comhaltaí nua den Bhord a bheith á gceapadh ar théarma ceithre bliana. Tá an Bord freagrach as rialachas agus treo straitéiseach an Údaráis. Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach seo spriocanna agus cuspóirí an Bhoird do na trí bliana romhainn.

2 Áirítear leis an earnáil Slándála Leictreonaí Rialú Rochtana, Aláraim Ionraidh, agus TCI a shuiteáil agus a chothabháil.

# An Timpeallacht Rialála

Léirítear sna comhairliúcháin cháilíochtúla agus chainníochtúla le geallsealbhóirí a rinneamar agus an straitéis seo á forbairt againn go bhfáiltíonn geallsealbhóirí tionscail roimh na feabhsuithe atá curtha ar an tionscal a bhuí leis an rialáil. Chuir siad in iúl go bhfuil fonn comhsheasmhach ann go mbeadh feasacht ghinearálta níos mó ann ar an Údarás Slándála Príobháidí agus ar na rialacháin iomchuí araon. Ba mhaith leis na freagraithe go mbeadh cothrom na Féinne ann, áit a gcloífeadh gach conraitheoir, ar a laghad, leis na caighdeáin atá leagtha síos ag an Údarás Slándála Príobháidí. Is eol dúinn go gcaithfimid feasacht a mhúscailt, agus oibreoimid chun é sin a bhaint amach le linn thréimhse feidhme an phlean straitéisigh seo.

Tháinig an teicneolaíocht chun cinn mar théama freisin, agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ag athrú na slí a soláthraítear seirbhísí slándála. D'ainneoin teicneolaíochtaí nua, bíonn dúshlán roimh an tionscal slándála i gcoitinne baill foirne a earcú agus a choinneáil, agus staid fholláin an gheilleagair le feiceáil fós san éileamh ar sheirbhísí slándála. Féachfaidh an tÚdarás Slándála Príobháidí le cabhrú leis an tionscal rogha ghairme ar feadh an tsaoil a dhéanamh d'obair shlándála, agus conairí gairme agus forbairt ghairmiúil ag gabháil léi, agus le scrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir obair i réimse na slándála a dhéanamh níos tarraingtí do ghrúpaí déimeagrafacha atá faoi ghannionadaíocht. Cuirfidh an tÚdarás Slándála Príobháidí teicneolaíocht nua chun feidhme é féin agus déanfaidh sé réitigh a shainaithint agus a imscaradh go córasach chun ár n-éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú. Sna trí bliana atá le teacht, forbróimid an cumas chun iarratais ar cheadúnais a phróiseáil ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla, rud a chabhróidh le gnólachtaí agus iad i mbun earcaíochta agus a chabhróidh le daoine aonair agus iad i mbun iarratais a dhéanamh chugainn.

## Staitisticí Ceadúnúcháin – Lúnasa 2025

| Earnáil | Daoine Aonair | Conraitheoirí | Láimhdeachas (€)[2] |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 906 | 4 | 63,203,000 |
| Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 39 | 4,314,000 |
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) | 12,609 | 45 | 10,366,000 |
| An Earnáil Slándála Leictreonaí[3] | N/B | 971 | 317,445,000 |
| Gardaí Forfheidhmiúcháin | 5 | 3 | 102,000 |
| Glasadóirí | N/B | 192 | 24,257,000 |
| Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | 290 | 85 | 9,726,000 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim)[4] | 956 | 38 | 66,991,000 |

2 Tá láimhdeachas bunaithe ar fhigiúirí a sholáthair conraitheoirí in éineacht leis an iarratas uathu agus baineann sé lena dtréimhse chuntasaíochta roimhe. Tá na figiúirí slánaithe.

3 Áirítear leis an Earnáil Slándála Leictreonaí ceadúnú sna fo-earnálacha seo faoi láthair: Rialú Rochtana; Aláraim Ionraidh; agus TCI. Tugadh an Earnáil Soláthraithe Taisceadán agus an Earnáil Suiteálaithe Taisceadán faoi réir an cheadúnaithe sa bhliain 2025, rud a fhágann gurb ionann an líon earnálacha ceadúnaithe agus 15 cinn.

4 San fhigiúr do dhaoine aonair, cuirtear Faireachán ar Aláraim Ionraidh agus Faireachán ar TCI ar áireamh toisc go gclúdaítear an dá chatagóir leis an aon cheadúnas amháin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI) | N/B | 35 | 22,946,000 |
| Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 51 | 16,304,000 |
| Gardaí Slándála (Socair/Gardáil) | 36,936 | 187 | 534,353,000 |
| **Iomlán** | **51,702** | **1,650** | **1,070,008,000** |

I láthair na huaire, déanaimid rialáil ar 15 earnáil den tionscal slándála. Méadófar an figiúr sin go 17 n-earnáil thar thréimhse feidhme an phlean seo. Measaimid go dtiocfaidh méadú ar an líon ceadúnas thar thréimhse feidhme an phlean seo, ó thart ar 52,000 ceadúnas go níos mó ná 60,000 ceadúnas. Ní tionscal aonchineálach é an tionscal, agus i measc a chonraitheoirí tá trádálaithe aonair a bhfuil láimhdeachas íseal acu agus atá ag oibriú ina bpobal áitiúil agus cuideachtaí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhfuil láimhdeachas sna milliúin Euro acu. Cruthaíonn an éagsúlacht sin a lán dúshlán do rialálaí toisc go n-oibríonn gach earnáil ar bhealach difriúil agus go dtarlaíonn sé in amanna go dteastaíonn cineálacha difriúla cur chuige maidir le ceadúnú, le comhlíonadh agus le cumarsáid i ngach earnáil ar leith de bharr scála na ngnólachtaí aonair atá istigh iontu.

Maidir leis an gcuid is mó den fhás sa cheadúnú, meastar go dtiocfaidh sí as ceadúnú fostaithe a leathnú chuig slándáil leictreonach, chuig geataí cumhachtaithe, chuig taisceadáin agus chuig glasadóirí agus as an éileamh leantach ar ghardaí slándála. Chun soláthar a dhéanamh don mhéadú sin, cuirtear ar áireamh sa straitéis clár leathan forbartha ó thaobh oiliúna, cáilíochtaí agus caighdeán de. Bainfidh ríthábhacht le comhairliúchán leis an tionscal slándála chun a chinntiú go bhfreastalóidh an clár ar riachtanais na soláthraithe slándála.

Is é an príomhrud a ndírímid air ná cosaint a thabhairt don phobal agus d'úsáideoirí seirbhísí slándála. Chun an méid sin a bhaint amach, neartóimid an timpeallacht rialála trí athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcaighdeáin chun tacú le coireacht a chosc agus le tomhaltóirí a chosaint.

# Ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna

## Is é ár Misean

tacaíocht a thabhairt don phobal tríd an tionscal slándála príobháidí a rialáil trí chaighdeáin a ardú, trí fheasacht a mhéadú agus trí chomhlíonadh a fhorfheidhmiú.

## Ár bhFís

Is é ár bhFís go mbeadh feabhas ann ar iontaoibh an phobail agus ar chosaintí tomhaltóirí i dtionscal slándála dea-rialáilte.

## Ár Luachanna

Buntacaíonn ár luachanna leis an dóigh a gcomhlíonaimid ár misean. Treoraíonn siad ár n-iompraíocht, na hionchais a shocraímid dúinn féin, agus eispéireas na ndaoine eile a dhéanann caidreamh linn. Soláthraíonn siad fianaise ar ár dtiomantas don chomhionannas agus do chearta an duine sa dóigh a gcomhlíonaimid ár ról.

### Comhpháirtíocht

Obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe tionscail chun tacú le rialáil.

### Sármhaitheas

Sármhaitheas a bhaint amach i rialáil a sholáthar agus i dtorthaí a sholáthar do ghnólachtaí.

### Feidhmíocht

Seirbhís éifeachtach éifeachtúil a sholáthar le dea-rialachas.

### Oscailteacht


Bheith cothrom, trédhearcach agus measúil.

### Tiomantas

Timpeallacht a sholáthar inar féidir lenár mbaill foirne sármhaitheas a bhaint amach, inar féidir lenár dtionscal dul faoi rath agus ina mbíonn an pobal sábháilte.

# Conas a chomhlíonfaimid ár misean

Díríonn ár misean don tréimhse straitéiseach seo orthu seo a leanas:




Beidh roinnt cumasóirí mar bhonn agus thaca ag na spriocanna sin, rud a thacóidh le cur i gcrích ár bplean.

**Cistiú agus Acmhainní**
Baineann sé seo leis an gcistiú agus na hacmhainní atá i bhfeidhm faoi láthair agus le sainaithint na réimsí inar ann do bhearnaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh sa deireadh do bhaint amach tosaíochtaí straitéiseacha

**Teicneolaíocht**
Baineann sé seo leis na hacmhainní TF a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an Údaráis Slándála Príobháidí san am i láthair agus san am atá le teacht chun a chur ar chumas an Údaráis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh

**Sonraí agus Tuairisciú**
Baineann sé seo leis an díriú ar thuairisciú sonraíbhunaithe i gcomparáid le spriocanna

**Comhoibriú**
Baineann sé seo leis an admháil go mbeidh obair bhuíne ina cumasóir luachmhar fáis agus ratha san Údarás Slándála Príobháidí go hinmheánach agus go seachtrach le geallsealbhóirí an Údaráis Slándála Príobháidí

**Ceannaireacht agus Athruithe**
Baineann sé seo leis an gceannaireacht agus an treo atá riachtanach agus a bheidh riachtanach chun an tÚdarás Slándála Príobháidí a chumhachtú chun a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh

# Spriocanna agus Cuspóirí

## SPRIOC 1:

***Éifeachtacht rialála a neartú agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú chun muinín an phobail as an tionscal slándála a chothú***

### *Cuspóirí:*

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun an sprioc straitéiseach seo a bhaint amach:

1.1 Taighde, meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhearnaí sa chomhlíonadh agus i gcumhdach an phobail chun (i) ceanglais feabhsúcháin rialála a dhéanamh amach; agus (ii) bonn eolais a chur faoi fheachtais feasachta spriocdhírithe a fhorbairt

1.2 Ár dtagarmharcanna rialála a fhorbairt agus a nuashonrú chun éabhlóid an Údaráis Slándála Príobháidí a léiriú, agus leas a bhaint as TFC agus as Intleacht Shaorga chun cigireachtaí a spriocdhíriú agus chun feabhsuithe ar chomhlíonadh a sholáthar

1.3 Straitéis Cumarsáide chuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun feasacht a mhúscailt maidir le rialáil an Údaráis Slándála Príobháidí, chun comhlíonadh a chur chun cinn, agus chun muinín an phobail as an tionscal slándála a fheabhsú

1.4 Iniúchadh a dhéanamh ar an raon feidhme le haghaidh smachtbhannaí cuí a shaothrú i gcás sáruithe comhlíonta nach bhfuil chomh suntasach céanna agus nach bhfuil chomh soiléir céanna don déantóir – gan dul i muinín imscrúdú mionsonraithe ná ionchúisimh

1.5 Socruithe a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear úsáid cigireachtaí comhoibríocha spriocdhírithe ilghníomhaireachta chun tionchar a bharrfheabhsú agus chun comhlíonadh a dhreasú

1.6 Ceadúnú na n-earnálacha slándála príobháidí a chur ar aghaidh de réir na nAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 go 2021

# SPRIOC 2:

## *Caighdeáin ghairmiúla agus cleachtas gairmiúil a chur ar aghaidh trí chomhpháirtíocht leis an tionscal ar mhaithe le hinniúlacht a ardú ar fud na n-earnálacha uile*

### *Cuspóirí:*

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun an sprioc straitéiseach seo a bhaint amach:

2.1 Ionchur breithnithe an Údaráis Slándála Príobháidí a chur leis an athbhreithniú ar shocruithe grinnfhiosrúcháin – an raon feidhme atá ann le haghaidh feabhsuithe ar oiriúnacht sealbhóirí ceadúnais a mheasúnú agus ar sheiceálacha ionracais a dhéanamh

2.2 Athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta a dhéanamh ar chleachtais mheasúnachta na gcomhlachtaí iniúchóireachta chun measúnú iniúchóireachta agus deimhniú iniúchóireachta a fheabhsú, agus á chinntiú ag an am céanna go gcloítear le treoirlínte iniúchóireachta an Údaráis Slándála Príobháidí agus go gcomhlíontar ionchais luacha na sealbhóirí ceadúnais

2.3 Grúpaí oibre téamacha a bhunú chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcleachtas ceannródaíoch agus chun bonn eolais a chur (i) faoi fheabhsuithe ar mhodúil oiliúna bunúsaí agus (ii) faoi fhorbairt modúl breisoiliúna/forbartha gairmiúla leanúnaí

2.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar thaighde éagsúlachta agus feasacht a mhéadú ar na tairbhí inláimhsithe a bhaineann le héagsúlacht chun ionchuimsitheacht níos mó a spreagadh in earcaíocht conraitheoirí, in arduithe céime, agus in imscaradh pearsanra

2.5 Caighdeáin a shainaithint ar ina leith a theastaíonn (i) athbhreithniú tosaíochta agus (ii) forbairt – an clár oibre gaolmhar a chomhaontú, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn ar bhonn ráithiúil

2.6 Athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis forbartha caighdeán an Údaráis Slándála Príobháidí, agus nósanna imeachta nuashonraithe a chomhaontú chun éifeachtúlacht a bhaint amach maidir le tosaíochtaí agus amlínte cur chun feidhme na n-earnálacha difriúla a chomhlíonadh

# SPRIOC 3:

## *Oibríochtaí a nuachóiriú chun éifeachtúlacht fheabhsaithe agus éifeachtacht fheabhsaithe a bhaint amach*

### *Cuspóirí:*

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun an sprioc straitéiseach seo a bhaint amach:

3.1 Réitigh a shainaithint agus a imscaradh go córasach chun ár n-éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú trí athdhearadh próiseas, trí chumasú TFC agus trí chomhtháthú éifeachtach córas

3.2 A chinntiú go ndéanfar córais agus próisis inmheánacha a athdhearadh chun tacú le hidir-inoibritheacht agus imscaradh/ath-imscaradh na foirne chun teacht le riachtanais oibriúcháin

3.3 Tús áite a thabhairt don phróiseas iarratais ceadúnais céaduaire/don phróiseas athnuachana ceadúnais de chuid an Údaráis Slándála Príobháidí le haghaidh uathoibriú luathchéime, feabhsú éifeachtúlachta agus cur ar áireamh roghanna féinfhreastail TF d'iarratasóirí

3.4 A chinntiú go nglacfar réitigh TFC agus réitigh Intleachta Saorga chun (i) cigireachtaí a spriocdhíriú, (ii) próisis chigireachta a chuíchóiriú, (iii) acmhainn cigireachta an Údaráis Slándála Príobháidí a mhéadú, agus (iv) tuairisciú a fheabhsú

3.5 Curaidh shinsearacha a shainaithint, prótacail bainistíochta tionscadail agus riosca a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus comhoibriú go héifeachtach leis an Roinn chun a chinntiú go soláthrófar an réiteach comhtháite TFC go tráthúil

# SPRIOC 4:

## *Tógáil ar bhunchlocha na heagraíochta chun tacú le cur i gcrích rathúil na straitéise*

### *Cuspóirí:*

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun an sprioc straitéiseach seo a bhaint amach:

4.1 Socruithe inmheánacha bainistíochta eolais agus cumarsáide a bhunú agus a ghlacadh chun ár gcuimhne chorparáideach a chaomhnú agus chun comhroinnt éifeachtach faisnéise a chur chun cinn

4.2 A chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán ár gceanglais éagsúla rialachais agus reachtaíochta, creataí tomhais feidhmíochta a bhunú le haghaidh spriocanna straitéiseacha, agus uasdátuithe gaolmhara stádais a chur faoi bhráid an Bhoird

4.3 Straitéis Daoine chomhtháite a dhréachtú agus a chur chun feidhme chun ár mbaill foirne a fhorbairt agus a spreagadh agus chun tacú leo, agus comharbas á bhainistiú agus feidhmíocht á spreagadh ag an am céanna

4.4 A chinntiú go gcuirfear ár n-oibleagáidí um chomhionannas agus cearta an duine san áireamh i ngach gné de chultúr agus cleachtais oibre an Údaráis Slándála Príobháidí

4.5 Plean comhtháite acmhainní trí bliana agus cás gnó tacaíochta a fhorbairt chun ár gcuspóirí a chomhlíonadh, chun éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú agus chun leas a bhaint as tionchar an Údaráis Slándála Príobháidí

# An Straitéis a Chur Chun Feidhme agus Faireachán a Dhéanamh ar Dhul Chun Cinn

Oibreoimid i gcomhpháirt leis an Aire agus lena Roinn, lenár ngeallsealbhóirí tionscail agus le páirtithe leasmhara eile chun cur chun feidhme rathúil na straitéise seo a chinntiú. Cuid dhílis de rath na straitéise a bheidh san fháil ar acmhainní chun na gealltanais atá istigh inti a chomhlíonadh. Baineann ríthábhacht le hacmhainní freisin maidir leis an aidhm atá againn seirbhís ghairmiúil nua-aimseartha a thairiscint dár sealbhóirí ceadúnais agus don phobal. Is gá infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí digiteacha chun ár gcórais TF as dáta a athsholáthar má táthar chun rialáil a leathnú ar mhaithe lenár n-oibleagáidí reachtúla uile a chomhlíonadh. Teastóidh uainn tacaíocht leantach ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun na teicneolaíochtaí nua sin a sholáthar le linn thréimhse feidhme an phlean seo.

Leagaimid an-tábhacht ar chomhar an tionscail slándála maidir leis na cuspóirí sa straitéis a bhaint amach, agus táimid tiomanta d'obair i gcomhar leis an tionscal i gcur chuige comhoibríoch chun dul chun tairbhe dúinn féin agus don tionscal araon. Tá sé beartaithe againn an caidreamh lenár sealbhóirí ceadúnais a mhéadú trí roinnt fóram a bhunú ar fud na n-earnálacha éagsúla a rialálaimid.

Beidh freagracht ar fhoireann ardbhainistíochta an Údaráis as an straitéis a aistriú ina pleananna bliantúla gnó lena ngabhfaidh spriocanna feidhmíochta. Foilseofar na pleananna bliantúla agus beidh deis ag geallsealbhóirí tionscail chun comhairle a thabhairt i ndáil le tionchar seachtrach na mbeart arna ndéanamh chun an straitéis a chur chun feidhme.

Tabharfaimid tuairisc ar bhealach oscailte, trédhearcach agus poiblí ar ár bhfeidhmíocht maidir leis an straitéis seo a chur chun feidhme. Gabhfar tuairisciú de láimh trí roinnt cainéal:

- Tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta tuairisc don Bhord ag gach cruinniú de chuid an Bhoird.
- Coinneofar an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus a Roinn ar an eolas faoin dul chun cinn tríd an gComhaontú Soláthair Feidhmíochta bliantúil, ag cruinnithe rialachais agus sna Tuarascálacha Bliantúla uainn.
- Gheobhaidh an tionscal slándála agus an pobal tuarascálacha tráthrialta trínár meáin shóisialta, trínár ríomhiris, trínár bhfóraim chomhairleacha agus sna Tuarascálacha Bliantúla uainn.

Bainfidh ríthábhacht le hathbhreithniú agus faireachán leanúnach ar an straitéis agus, nuair is gá, déanfaimid gníomhaíocht cheartaitheach chun a chinntiú go gcomhlíonfar ár gcuspóirí. Beidh sé tábhachtach freisin go leanfaidh an straitéis de bheith ábhartha, agus is féidir go n-athrófar roinnt de na cuspóirí i bhfianaise forbairtí nach bhfuiltear á dtuar faoi láthair.

# Aguisín 1 – Earnálacha Ceadúnaithe (Meán Fómhair 2025)

| Earnáil | Conraitheoir | Fostaí |
|---|---|---|
| *Airgead Tirim faoi Bhealach* | *Tá* | *Tá* |
| *Dlúthchosaint* | *Níl* | *Níl* |
| *Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)* | *Tá* | *Tá* |
| *An Earnáil Slándála Leictreonaí (Suiteálaithe Rialaithe Rochtana)* | *Tá* | *Níl* |
| *An Earnáil Slándála Leictreonaí (Suiteálaithe TCI)* | *Tá* | *Níl* |
| *A Earnáil Slándála Leictreonaí (Suiteálaithe Aláram Ionraidh)* | *Tá* | *Níl* |
| *Gardaí Forfheidhmiúcháin* | *Tá* | *Tá* |
| *Slándáil Imeachtaí* | *Tá* | *Tá* |
| *Suiteálaithe Taisceadán* | *Tá* | *Níl* |
| *Glasadóirí* | *Tá* | *Níl* |
| *Imscrúdaitheoirí Príobháideacha* | *Tá* | *Tá* |
| *Sainchomhairleoirí Slándála* | *Níl* | *Níl* |
| *Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim agus TCI)* | *Tá* | *Tá* |
| *Gardaí Slándála (Gardáil Shocair)* | *Tá* | *Tá* |
| *Soláthraithe Taisceadán* | *Tá* | *Níl* |

# Aguisín 2 – Forálacha Reachtúla

Is é an tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004, an phríomhreachtaíocht faoina n-oibríonn an tÚdarás Slándála Príobháidí. Leasaíodh an tAcht le Cuid 4 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011, agus leis an Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú), 2021.

Foráiltear le halt 9 den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 do Phlean Straitéiseach.

**Alt 9.** *(1) A luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe agus laistigh de shé mhí roimh gach dáta ar cothrom trí bliana an lae bunaithe é, déanfaidh an tÚdarás plean straitéiseach don tréimhse trí bliana ina dhiaidh sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire fara leasú nó gan leasú.*

*(2) Maidir le plean straitéiseach—*

*(a) beidh ann cuspóirí fíorthábhachtacha an Údaráis, a aschuir agus a straitéisí gaolmhara, lena n-áirítear a úsáid acmhainní,*

*(b) comhlíonfaidh sé aon ordacháin a eiseoidh an tAire ó am go ham i ndáil le foirm agus modh ullmhúchán an phlean, agus*

*(c) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní an Údaráis.*

*(3) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis an plean straitéiseach a cheadú, cóip den phlean straitéiseach a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.*

Foráiltear le halt 8 den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 d’fheidhmeanna an Údaráis.

**Alt 8.**— *(1) Déanfaidh an tÚdarás, faoi réir an Achta seo, rialú agus maoirseacht ar dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí slándála, agus caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú i soláthar na seirbhísí sin acu.*

*(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh an tÚdarás agus, i gcás go gceanglófar amhlaidh leis an Acht seo, déanfaidh sé—*

*(a) ceadúnais a dheonú agus a athnuachan,*

*(b) cártaí aitheantais a eisiúint chuig ceadúnaithe,*

*(c) i gcás gur cuí, ceadúnais a fhionraí nó a chúlghairm,*

*(d) clár ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil,*

*(e) caighdeáin a shonrú atá le comhlíonadh agus seirbhísí slándála á soláthar ag ceadúnaithe nó ag catagóirí ceadúnaithe ar leith,*

*(f) cáilíochtaí nó aon cheanglais eile (lena n-áirítear ceanglais maidir le hoiliúint) a shonrú le haghaidh ceadúnais a dheonú,*

*(g) tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde a bhaineann le seirbhísí slándála a sholáthar a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú nó cabhrú leis na tionscadail agus gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear faisnéis staidrimh agus aon taifid eile is gá le haghaidh na seirbhísí sin a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar go cuí a thiomsú,*

*(h) aon seirbhísí slándála atá á soláthar ag aon duine a imscrúdú,*

*(i) córas imscrúdúcháin agus breithniúcháin a bhunú agus a riar le haghaidh gearáin in aghaidh ceadúnaithe a imscrúdú agus a bhreithniú,*

*(j) faireachán a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí slándála príobháidí i gcoitinne,*

*(k) caidreamh a dhéanamh le ceadúnaithe d'fhonn é féin a choimeád ar aon eolas faoi aon nithe ar gá dó díriú orthu,*

*(l) comhairle a chur ar an Aire maidir le haon ní a bhaineann lena fheidhmeanna,*

*(m) an tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i ndáil le seirbhísí slándála a sholáthar ag ceadúnaithe nó ag catagóirí ceadúnaithe ar leith agus cuidiú leis nó léi beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin.*

*(3) Féadfaidh an tAire le hordú, le comhthoiliú an Aire Airgeadais—*

*(a) cibé feidhmeanna breise is cuí leis an Aire i ndáil le seirbhísí slándála, ar feidhmeanna iad a bhaineann leis na feidhmeanna a thugtar dó le fo-ailt (1) agus (2) nó le haon ordú faoin bhfo-alt seo, a thabhairt don Údarás, agus*

*(b) cibé foráil a dhéanamh a mheasann an tAire is gá nó is fóirsteanach i ndáil le nithe atá coimhdeach le haon cheann de na feidhmeanna atá luaite i mír (a) nó a éiríonn as.*

*(4) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin alt seo, lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm.*

*(5) Maidir le haon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh a Phríomhfheidhmeannach nó aon chomhalta eile dá fhoireann a bheidh údaraithe go cuí chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin, gan dochar dá fhreagrachtaí ginearálta faoin Acht seo.*

*(6) Féadfaidh an tÚdarás, faoi réir an Achta seo, aon ní a dhéanamh a mheasfaidh sé is gá nó is* fóirsteanach *chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh.*

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

Fitzpatrick Design and Print 062 51113